**Uimhir Charthannachta: 20052508**
**CHY 15308**

# Sabháilteacht Dóiteáin

## Faomhaithe ag Coiste Stiúrtha Feachtas ar 13 Nollaig 2014



## Nósanna Imeachta i gcás dóiteáin

I gcás tine, leantar na nósanna imeachta thíos in Feachtas. Tá siad seo ar fáil i bpríomhoifig na heagraíochta agus scaiptear iad ar Choiste Feachtas, ar bhaill foirne agus ar oibrithe deonacha, araon.

## Réamhchúram Tine

## Tine a Chosc

Tá baol áirithe ann in oifig Feachtas go bhféadfadh tine briseadh amach. Caithfear a bheith cúramach tine a chosc agus a laghad damáiste agus is féidir a dhéanamh dá mbrisfeadh tine amach. Ba chóir na nósanna imeachta dóiteáin seo a leanas a leanúint:

- Ní mór bealaí éalaithe éigeandála a choinneáil saor ó bhacainní i gcónaí.
- Níor cheart doirse deataigh nó doirse dóiteáin a choimeád oscailte le trealamh ar bith nó bacainn ar bith a bheith ag an doras.
- Ní cóir glas a chur ar dhoirse éalaithe agus ba chóir go bhfuil siad éasca le hoscailt.
- Tá sé d'fhreagracht ar bhaill Choiste Feachtas, fostaithe agus oibrithe deonacha, araon, a bheith ar an eolas faoi nósanna imeachta dóiteáin Feachtas.
- Ní mór gléasanna leictreonacha/trealamh leictreach a mhúchadh nuair nach bhfuil siad in úsáid – ríomhairí, teilifíseáin, teilgeoirí, callairí, gléasanna fótachóipeála, luchtairí, etc.

# Druileanna Dóiteáin

Déantar druileanna dóiteáin agus aslonnaithe eile ionas go rachaidh an fhoireann agus baill an choiste i dtaithí ar na nósanna imeachta éalaithe. Tá oibleagáid dhlíthiúil ort páirt iomlán a ghlacadh sna druileanna seo, agus caithfidh tú freagairt go tapa agus go sábháilte, ar aon dul le nósanna imeachta sábháilteachta dóiteáin na heagraíochta. Gan tú féin a chur i mbaol, cinntigh go dtugtar cuairteoirí agus aon duine eile nach bhfuil cur amach acu ar an bhfoirgneamh nó ar na nósanna imeachta taobh amuigh den fhoirgneamh go sábháilte.

## Múchtóirí dóiteáin

Tá dhá mhúchtóir dóiteáin le fáil in oifig Feachtas, agus déantar seirbhísiú rialta orthu. Tá siad seo lonnaithe taobh thiar den doras sa seomra láir. Féach suíomh Gréasáin na hOifige Sláinte & Sábháilteachta agus san fhillteán 'Sláinte & Sábháiloteacht' chun eolas breise a fháil ar mhúchtóirí dóiteáin.

## Aslonnú i gCás Dóiteáin

Léiríonn bualadh leanúnach an aláraim tine go bhfuil éigeandáil dóiteáin ann – lean na céimeanna seo a leanas:

1. Déan cinnte go bhfágann gach duine an foirgneamh tríd an mbealach éalaithe is gaire & téigh chuig an t-ionad tionóil dóiteáin.
2. Dún gach doras.
3. Ná húsáid an t-ardaitheoir.
4. Ná téigh isteach san fhoirgneamh arís.

Is é an Pointe Tionóil Dóiteáin don oifig seo: Taobh amuigh den Amharchlann Olympia

(féach na fógraí dóiteáin atá timpeall ort)

| | |
|---|---|
| an bealach amach is gaire<br> | Príomhdhoras na hoifige > príomhdhoras an fhoirgnimh a théann amach ar Shráid an Dáma |
| an glaophointe aláraim dóiteáin is gaire<br><br> | Taobh amuigh de phríomhdhoras na hoifige |
| an trealamh múchta tine is gaire<br><br> | Dhá mhúchtóirí dóiteáin taobh thiar den doras sa seomra láir |

| | |
|---|---|
| cá bhfuil an pointe tionóil dóiteáin   | Taobh amuigh den Amharchlann Olympia |

## Treoracha i gcás dóiteáin

1. Nuair a thugtar tine faoi deara, buail an t-aláram ag an nglaophointe aláram dóiteáin atá lonnaithe díreach taobh amuigh de phríomhdhoras na hoifige.



2. Más tine bheag í, ba chóir don fhoireann an fearas cuí is gaire a úsáid, má fheileann sé don tine e.g. ná húsáid uisce ar thinte leictreacha nó leachtanna inlasta. Ná cuir tú féin i mbaol riamh.



3. Imigh as an bhfoirgneamh ar an bpointe - ná déan moill ag bailiú do mhaoin phearsanta.



- Dún na doirse ar fad i do dhiaidh.
- Siúil go tapa chuig an bpointe éalaithe is gaire. Ná rith!
- Tionóil ag an ionad tionóil.
- Ná seas ar an staighre ag blocáil bealaí éalaithe.
- Ná húsáid ach múchtóirí dóiteáin a fheileann don tine.
- Ná téigh isteach san fhoirgneamh arís go dtí go bhfógraítear go bhfuil sé sábháilte é sin a dhéanamh.

4. Glaoigh ar an mbriogáid dóiteáin.

**999**

**112**

Níor chóir do dhuine neamhoilte iarracht a dhéanamh tine a mhúchadh in aon chás.

Ba chóir gach tine a thuairisciú ar an bpointe chuig cathaoirleach Feachtas agus chuig Taobh amuigh den Amharchlann Olympia ag baint úsáide as an bhfoirm chuí.

## Freagrachtaí Choiste Stiúrtha Feachtas

Tá sé mar pholasaí ag Coiste Stiúrtha Feachtas:

(i) cinntiú go bhfuil go leor múchtóirí dóiteáin, oiriúnach don suíomh ina bhfuil siad le húsáid ar fáil, go mbeadh said aitheanta agus seirbhís rialta déanta orthu ag comhlacht cáilithe. Beidh treoracha ag gach múchtóir dóiteáin maidir lena úsáid.

(ii) cinntiú go ndéanfar druil tine ar a laghad uair amháin gach sé mhí.

(iii) go mbeidh aon aláraim tine marcáilte go soiléir.

(iv) Go mbeadh fógraí éalaithe ar na doirse agus bealaigh éalaithe sofheicthe.

(v) Go mbeidh gach doras, pasáiste agus bealach isteach saor ó bhacainní. Beifear in ann iad a oscailt ag aon am ón taobh istigh den fhoirgneamh.

(vi) Go mbeidh ionad tionóil roghnaithe taobh amuigh den fhoirgneamh agus ar

eolas ag gach ball foirne agus Coiste Feachtas.

(vii) Go mbeidh na fógraí éalaithe marcáilte go soiléir.

(viii) Go bhfágfar trealamh leictreach/gléasanna leictreonacha díphlugáilte nuair nach bhfuil siad in úsáid thar thréimhsí fada agus nuair a bhíonn an foirgneamh folamh.

(ix) Go roghnaítear dátaí chun druileanna tine agus modhanna imeachta aslonnaithe a chur i gcrích.